

Cumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga

International Association of Language Commissioners

Comhdháil 2026
2026 Conference

Gaillimh, Éire
Galway, Ireland

8-10 Meán Fómhair 2026
8-10 September 2026





FÁILTE AGUS TÚS SCÉIL

Séamas Ó Concheanainn

An Coimisinéir Teanga agus Cathaoirleach Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga (IALC)

Cuirim fáilte chroíúil roimh chách chuig Cathair na dTreabh don naoú comhdháil de chuid Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga. Mar chathaoirleach an IALC agus mar Choimisinéir Teanga, tá ríméad orm go bhfuil Oifig an Choimisinéara Teanga ag óstáil an tionóil thábhachtaigh idirnáisiúnta seo.

Tugann an chomhdháil coimisinéirí teanga agus gníomhaithe cearta teanga ó gach cearn den domhan le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna atá ag dó na geiribe dúinn maidir le cur chun cinn agus neartú cearta teanga laistigh dár ndlínsí faoi seach. I gcroílár chosaint na gcearta teanga tá tuiscint agus aitheantas sochaíoch ar an mbuncheart daonna go bhfuil pobail teanga i dteideal seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a fháil ina rogha teanga oifigiúil. Beidh cainteanna ó Choimisinéirí Teanga agus ó ghníomhaithe cearta teanga ó Thuaisceart Éireann, ó Cheanada, ón mBreatain Bheag, ó Thír na mBascach, ón gCatalóin, ó Navarra, ón gCosaiv, ón Iodáil agus ón bhFreaslainn san Ísiltír mar chuid den chomhdháil.

Tá bunú an chumainn idirnáisiúnta seo fréamhaithe in Éirinn. Bhí ról ceannais ag an gcéad Choimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, i síolrú an Chumainn in 2013 agus thacaigh mo réamhtheachta Rónán Ó Domhnaill, le forbairt leanúnach an Chumainn freisin i gcaitheamh na mblianta. Tá sé tráthúil gurb é an t-iar-Aire Rialtais, Gaeltachta agus iar-Theachta Dála Ghaillimh Thiar, Éamon Ó Cuív, a sheolfaidh comhdháil na bliana seo. Léirigh Éamon ceannaireacht thar na bearta lena chinntiú gur tugadh an tAcht bunaidh teanga, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i bhfeidhm i dtús aimsire ar mhaithe le cearta teanga phobail na Gaeilge agus na Gaeltachta a láidriú.

Chuir Acht 2003 bonn riachtanach faoi fheabhsú seirbhísí poiblí i nGaeilge. Mar sin féin, níos mó ná fiche bliain i ndiaidh a achtaithe, tá dushlúin mhóra fós roimh phobal na Gaeilge freastal cothrom agus cóir a fháil ón Stát maidir le soláthar seirbhísí poiblí i nGaeilge. Is céim an-dearfach é teacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 le tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí poiblí i nGaeilge. Foráil shuntasach a d'eascair as an Acht leasaithe 2021 ab ea foilsiú an chéad Phlean Náisiúnta reachtúil do Sheirbhísí Poiblí Gaeilge i stair an stáit seo in 2024.

Dá réir sin, tá an Chomhdháil seo á reachtáil ag am cinniúnach le cearta teanga a threisiú laistigh dár ndlínsí. Príomhthéama a chlúdaítear ag an gcomhdháil is ea an tábhacht a bhaineann le soláthar seirbhíse poiblí a oiriúnú agus a ailíniú chun freastal ar riachtanais athraitheacha teangeolaíocha agus sochaíocha ár bpobal teanga. Ina theannta sin, leagann an chomhdháil béim ar a thábhachtaí atá pleanáil straitéiseach fórsa saothair d'fhonn fórsa saothair leordhóthanach a chinntiú atá inniúil inár sprioctheangacha

chun seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar. Díreoidh an chomhdháil freisin ar chomhroinnt eolais ar fud ár ndlínsí ar phríomhfhorálacha reachtacha chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí do phobail teanga, lena n-áirítear an rath atá ar Chóras na gCaighdeán Teanga (an Bhreatain Bheag) agus ar an Tairiscint Ghníomhach (Ceanada).

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do Dara Calleary TD, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus d'fhoireann bainistíochta a roinne as a dtacaíocht agus a maoiniú don Chomhdháil seo. Ina theannta sin, tá an Chomhdháil seo san áireamh sa chlár imeachtaí d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, atá ar siúl ag an am céanna.

Gabhaim buíochas ó chroí le Feidhmeannas IALC agus leis an Ollamh Comhlach an Dr. John Walsh ó Ollscoil na Gaillimhe as an am agus an tacaíocht a thug siad chun an chomhdháil seo a eagrú le bliain anuas. Cuirim mo bhuíochas in iúl freisin as seirbhís Mháire Ní Neachtain mar rapóirtéir comhdhála.

Ina theannta sin, is mian liom cuimhneamh ar an Ollamh Colin Williams, dlúthchara de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga agus Chumann IALC a d'imigh ar shlí na fírinne i mí Aibreáin na bliana seo. Tá alt ómóis dó le fáil mar pháirt den leabhrán seo.

Láthair chaoithiúil í Taibhdhearc na Gaillimhe do sheoladh oifigiúil na Comhdhála seo i bhfianaise stair na hamharclainne náisiúnta sin maidir le saothrú ár dteanga agus ár dtaibhealaíona dúchasacha le céad bliain anuas. Táim buíoch d'Ollscoil na Gaillimhe as ucht a cuid saoráidí sármhaithe a chur ar fáil do léachtaí na Comhdhála agus d'Oifigeach Gaeilge na hOllscoile Caroline Ní Fhlatharta as ucht a cuid tacaíochta.

Mar fhocal scoir, caithfidh mé buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir in Oifig an Choimisinéara Teanga as a n-obair dhian dhícheallach chun a chinntiú go mbeidh rath ar an gComhdháil thábhachtach seo. Tá súil agam go mbainfidh gach duine taitneamh agus tairbhe as imeachtaí na comhdhála. Guím gach rath ar na rannpháirtithe uile ina n-iarrachtaí amach anseo lenár dteangacha lómhara agus cearta teanga ár bpobal teanga faoi seach a chosaint agus a threisiú.

Go mbeirimid beo ar an am seo arís!



An Coimisinéir Teanga, Cathaoirleach IALC

BALLRAÍOCHT IALC

- Coimisinéir Teanga na Breataine Bige / Comisiynydd y Gymraeg (An Bhreatain Bheag) – **Efa Gruffudd Jones**
<https://www.comisiynyddygyymraeg.cymru/>
- Coimisinéir Teangacha Oifigiúla Ceanada / Commissaire aux langues officielles du Canada (Ceanada) – **Kelly Burke**
<https://www.clo-ocol.gc.ca>
- Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla New Brunswick / Commissaire aux langues officielles du Nouveau-Brunswick (Ceanada) – **Shirley C. MacLean**, Abhcóide an Rí, (Leas-Chathaoirleach IALC)
<https://www.officiallanguages.nb.ca>
- Coimisinéir Sheirbhísí Theanga na Fraincise – Ontario / Commissaire aux services en français de l'Ontario (Ceanada) – **Carl Bouchard**
<https://www.ombudsman.on.ca>
- An Coimisinéir do Theanga na Fraincise / Le Commissaire à la langue française (Ceanada) – **An Dr. Benoît Dubreuil**
<https://www.commissairelanguefrancaise.quebec>
- Oifig Choimisinéir na dTeangacha Dúchais (eatramhach) / Commissaire aux langues autochtones par intérim (Ceanada) – **Candice St-Aubin**
<https://commissionforindigenousslanguages.ca>
- Coimisinéir Teanga Nunavut / Uqauhinut Kamisinaup Havakvia Nunavunmi (Ceanada) – **Karliin Aariak**
<https://www.langcom.nu.ca>
- Coimisinéir Teangacha Chríocha an Iarthuaiscirt / Commissaire aux langues territoires du Nord-Ouest (Ceanada) – **Krista Carnogursky**
<https://www.olc-nt.ca>
- Oifig an Choimisinéara Teanga (Éire) – **Séamas Ó Concheanainn** (Cathaoirleach IALC)
<https://www.coimisineir.ie>
- Oifig Ombodúra Phobal Navarra / Nafarroako Arartekoaren (An Spáinn) – **Patxi Vera Donazar**
<https://www.defensornavarra.es/eu>

- Coimisinéir Teanga na Cosaive/ Zyra e Komisionerit për gjuhët (An Chosaiv) – *Gan Coimisinéir ceaptha faoi láthair*
- Ombudóir na Catalóine / Síndic de Greuges de Catalunya (An Spáinn) – **An Dr. Esther Giménez-Salinas i Colomer**
<https://www.sindic.cat>
- Ombudóir Thír na mBascach / Ararteko (An Spáinn) – **An Dr. Mikel Mancisidor**
<https://ararteko.eus.eu>
- An Coimisinéir Gaeilge, (Tuaisceart Éireann) – **An Dr. Pól Deeds**
<https://www.coimisineir.org/en>
- An Coimisinéir don Traidisiún Albanach Ultach agus don Traidisiún Briotanach Ultach, Commissary o tha Ulstèr-Scotch and Ulstèr-Bìtisch Heirski (Tuaisceart Éireann) – **Lee Reynolds**
- Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Chur i bhFeidhm na Teanga, Poblacht na Macadóine Thuaidh / Republika e Maqedonisë së Veriut Agjencia për Zbatimin e Gjuhës që e Flasin së Paku 20% e Qytetarëve të Republikës së Maqedonisë së Veriut – **Granit Osmani**
<https://www.apj.gov.mk/>

Feidhmeannas IALC:

- **Séamas Ó Concheanainn**
Ball Feidhmeannais agus Cathaoirleach
- **Shirley C. MacLean**
Ball Feidhmeannais agus Leas-Chathaoirleach
- **Efa Gruffudd Jones**
Ball Feidhmeannais
- **Carl Bouchard**
Ball Feidhmeannais

CLÁR

Dé Máirt, an 8 Meán Fómhair 2026

Ionad: Taibhdhearc na Gaillimhe (Amharclann Náisiúnta na Gaeilge)

8:00pm Seoladh Oifigiúil - Éamon Ó Cuív, (An tIar-Aire Rialtais a thionscain Acht bunaidh na dTeangacha Oifigiúla 2003)

Áirneán na dtaibhealaíon traidisiúnta - amhránaíocht ar an sean-nós, damhsa ar an sean-nós agus ceol.

Dé Céadaoin, an 9 Meán Fómhair 2026

Ionad: Áras ILAS, Ollscoil na Gaillimhe,
(An Caisleán Nua Uachtarach, Gaillimh, H91 C7DK)

9:15am Clárú

9:30am Fáiltiú – Cathaoirleach an Chumainn (IALC), Séamas Ó Concheanainn, An Coimisinéir Teanga.

9:45 –
11:00am

Seisiún 1: 'Cearta Teanga a Threisiú - Ceachtanna ón Lá Inné, Straitéisí don Lá Inniu'

- Osian Llywelyn – Leas-Choimisinéir na Breatnaise, An Bhreatain Bheag (Caighdeáin Teanga)
- Séamas Ó Concheanainn, An Coimisinéir Teanga, Éire (Pleanáil Fórsa Saothair Náisiúnta)
- Pól Deeds – An Coimisinéir Gaeilge, Tuaisceart Éireann (An tírdhreach teangeolaíoch)

Áisitheoir an tSeisiúin: An Dr John Walsh, Ollamh Comhlach, Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, Éire

11:00 –
11:30am

Sos Caife / Tae

11:30am – 1:00pm	Seisiún 2: ‘Rochtain ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú – samhlacha seachadta seirbhíse poiblí a ailíniú le riachtanais na bpobal mionteanga’ Plé ar: • Seirbhísí Poiblí a Dhílárú/Múnlaí Seirbhíse Poiblí Dáilte: Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta • Muinín an Phobail a Chothú - ‘An Tairiscint Ghníomhach’ Léargais ó Ceanada • Kelly Burke: Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, Ceanada • Shirley C. MacLean (KC): Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla do New Brunswick • Carl Bouchard: Coimisinéir Seirbhísí Teanga Francise Ombudsman - Ontario
1:00 – 2:00pm	<i>Lón – Áras ILAS, Ollscoil na Gaillimhe</i>
2:00pm – 3:30pm	Seisiún an Tráthnóna Aitheasc ón Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, Dara Calleary TD Seisiún 3: ‘Cearta Teanga sa Réimse Eorpach: ó Aitheantas Náisiúnta go Rannpháirtíocht ar Leibhéal AE’ I gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus leis an nGréasán chun Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn (NPLD) Plé painéil le: • Roger Serra: Leas-Chathaoirleach NPLD agus Ard-Stiúrthóir um Polasaí Teanga Earnálacha na Teicneolaíochta agus an Chlosamhairc, Rialtas na Catalóine (An Spáinn) • Marco Torresin: Oifigeach Chaidreamh Idirnáisiúnta Gníomhaireacht Réigiúnach na Friúilise (ARLeF) (An Iodáil) • Hasier Morras: Ceannasaí na Seirbhíse Forbartha Bascaise i Riarachán Poiblí, Euskarabidea – Rialtas Navarra (An Spáinn) • Eke Folkerts: Teachta Teanga agus Oideachais Teanga, Proibhinse na Freaslainne (An Ísiltír) Áisitheoir: Eoin Ó Droighneáin, Príomhoifigeach, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta

3:30pm – 3:40pm	<i>Sos Caife / Tae</i>
3:40pm – 4:20pm	Seisiún 4: 'Reachtaíocht um Chearta an Dátheangachais a Dhréachtú: Deiseanna agus Dúshláin - Léargais na Cosaive Mentor Borovci, Stiúrthóir na hOifige Dlí in Oifig an Phríomh-Aire, An Chosaiv
4:20pm – 5:00pm	Seisiún 5: 'Cearta Gaeilge a Threisiú trí Fhógraíocht Tráchtála' Páidí Ó Lionáird, Bainisteoir Cumarsáide, Oifig an Choimisinéara Teanga, Éire
5:00pm – 5:30pm	Focal Scoir na Comhdhála - príomhdhíola suntais agus na chéad ghníomhartha eile (Rapóirtéir - Máire Ní Neachtain)
8:00pm	<i>Dinnéar na Comhdhála – Óstán Galmont</i>

Déardaoin, an 10 Meán Fómhair 2026

9:30am	Comhaltaí ag taisteal ar bhus ó Chathair na Gaillimhe chun an Spidéil, Co. na Gaillimhe
10:30am – 12:30pm	Cruinniú Cinn Bhliana IALC 2026 Ionad: Stiúideo Cuan, An Spidéal
12:30 – 1:30pm	<i>Lón - Stiúideo Cuan</i>
	Deireadh le hImeachtaí Chomhdháil IALC 2026
Turas bus ar ais go Cathair na Gaillimhe chuig córais taistil	



Éamon Ó Cuív

Iar-Theachta Dála agus Aire Rialtais is ea é Éamon Ó Cuív a toghadh den chéad uair in olltoghchán 1992. Toghadh i ngach toghchán é go dtí gur éirigh sé as an bpolaitíocht náisiúnta roimh olltoghchán 2024.

Ba é an tAire Gaeltachta é a chuir a lámh le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 – an tAcht faoinár bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga bliain níos déanaí.

Ó 1989 go dtí 2024, bhí Éamon i lár aonaigh na polaitíochta in Éirinn:

1989-1992 – ball de Sheanad Éireann

1992-2024 – Teachta Dála i nDáil Éireann

1997-2000 – Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán

2002-2010 – Aire sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

2010-2011 – Aire Coimirce Sóisialaí

As Baile Átha Cliath ó dhúchas, áit a bhfuair sé a chuid bun agus meán oideachais. Bhain sé céim san Eolaíocht amach sa gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Chuir sé spéis sa nGaeilge ainneoin nach raibh sé á staidéar - ag plé go deonach leis na heagrais Ghaeilge, go mórmhór Conradh na Gaeilge. Chaith sé seal ag an am sin ar Choiste Gnó an Chonartha.

Nuair a bhain sé an chéim amach chaith sé tréimhse ghearr ag obair le Conradh na Gaeilge agus ansin le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Ag deireadh 1973 d'fhág sé Baile Átha Cliath agus bhog sé go dtí Gaeltacht Dhúiche Sheoigheach áit a raibh sé ina bhainisteoir ar an gcomharchumann forbartha pobail nua-bhunaithe ann – Comharchumann Dhúiche Sheoigheach.

Bhí dhá aidhm ag an gComharchumann, ba iad sin leas eacnamaíochta an cheantair a chur chun cinn agus an Ghaeilge a láidriú sa gceantar.

D'fhan sé ansin go ndeachaigh sé ag plé leis an bpolaitíocht go lánaimseartha ag deireadh na bliana 1991.

Tá sé fós gníomhach le coistí deonacha, mar bhall den Choiste Comhairleach Cuimhneacháin agus mar Chathaoirleach ar Chomhairle na Tuaithe.



Is iad na saothair is déanaí de chuid **Louis de Paor** ná *Cé a Mharaigh Emma Mhic Mhathúna* (Éabhlóid 2024) agus *Grá fiar* (Bloodaxe 2022) a áiríonn taifeadadh dá chomhshaothar le Dana Lyn, *Lá dá raibh*, léiriú dátheangach a úsáideann filíocht agus ceol le lá i saol sráidbhaile samhalta in Iarthar na hÉireann a chur i láthair. Craoladh an taifeadadh ar Lyric FM agus ar Raidió na Gaeltachta in 2021 agus bronnadh Bonn Óir air ag Duaiseanna Raidió Fhéilte Nua-Eabhrac in 2022. Beidh cnuasach nua dá chuid *Scáil an Chaorthainn* á fhoilsiú ag Éabhlóid níos moille i mbliana.

‘Cé gur chóir don fhilíocht a bheith rómánsúil i gcónaí (ní bhíonn aon chúis phraiticiúil leis an stuif riamh), sheachain sé rómánsachas na líne maoithní agus an friotal doiléir i gcónaí. Bhí rud éigin breá teann faoina chuid saothar i dtólamh. Níl sé ar bhealach ar bith iomarcach.’ Alan Titley (The Irish Times)

Bunaíodh an grúpa **Ceoltóirí Óga Chois Fharraige** sa

mbliain 2012 chun deis a thabhairt do chúigear nó seisear gasúr áitiúil ceol a chasadh le chéile. De réir a chéile thosaigh tuilleadh gasúr ag triall ar na seisiúin agus anois tá thart ar 70 duine óg ar fad cláraithe leo. Ní foláir a rá go bhfuil fonnadóirí breátha sa ngrúpa freisin! Is eagraíocht an-scaoilte iad agus is iad na tuismitheoirí is mó a bhreathnaíonn i ndiaidh na seisiún agus aon ócáid a bhíonn ar bun acu agus, dar ndóigh, is trí Ghaeilge amháin a fheidhmíonn siad.



Is píobaire, fliúiteadóir agus amhránaí ar an sean-nós í **Síofra Ní Mhóráin**. Rugadh agus tógadh í i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath agus tá sí sa tríú bliain in Ollscoil na Gaillimhe agus í ag déanamh staidéir ar an nGaeilge agus Léann na Cumarsáide. Tá aitheantas bainte amach ag Síofra trí dhuaiseanna a bhuacaint i gcomórtais éagsúla ar nós Fleadh Cheoil na hÉireann agus Oireachtas na Samhna.

SEISIÚN 1

Ceartha Teanga a Threisiú: Ceachtanna ón Lá Inné, Straitéisí don Lá Inniu



Áisitheoir:
An Dr. John Walsh
*Ollamh Comhlach,
Roinn na Gaeilge,
Ollscoil na Gaillimhe*

Tá an Dr John Walsh
ina Ollamh Comhlach
le Gaeilge i Scoil
na dTeangacha, na

Litríochtaí agus na gCultúr, Ollscoil na Gaillimhe. I measc a chuid réimsí saineolais tá 'nuachaintoírí' teangacha mionlaithe, beartas teanga, meáin teangacha mionlaigh, an t-ilteangachas, teanga agus gnéasacht, teanga agus forbairt shocheacnamaíoch agus cartlanna na Gaeilge. Dhein an Dr Walsh PhD in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) faoi thionchar na Gaeilge ar fhorbairt shocheacnamaíoch na hÉireann (2006). Tá MA sa Chaidreamh Idirnáisiúnta (Socheolaíocht, Dlí, Eacnamaíocht Pholaitiúil) aige ó OCBÁC chomh maith (1999), agus BA sa Ghaeilge agus sa Bhreatainis (1992) ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Ó 2023-2025, d'oibrigh an Dr Walsh ag leibhéal sinsearach le Foras na Gaeilge, an eagraíocht uile-oileáin chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Roimhe sin, chaith sé dhá thréimhse ina Leas-Déan i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh in Ollscoil na Gaillimhe. Sular tháinig sé go Gaillimh, d'oibrigh an Dr Walsh mar léachtóir Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, mar eagarthóir nuachta leis an mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana sa Bhruiséil agus roimhe sin mar iriseoir Gaeilge, Béarla agus Breatainise le craoltóirí éagsúla in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag.



Séamas Ó Concheanainn
*An Coimisinéir
Teanga, Éire
Chathaoirleach an
IALC*

Cheap Iar-Uachtarán
na hÉireann Mícheál
D. Ó hUigín Séamas

Ó Concheanainn ina Choimisinéir Teanga i mí na Nollag 2023.

Feidhmíonn Oifig an Choimisinéara Teanga mar Oifig Ombudsman Náisiúnta agus mar Ghníomhaireacht um Chomhlíonadh chun seasamh le ceartha teanga mar atá forordaithe faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú. Tá sí neamhspleách ar aon tríú páirtí i gcomhlíonadh a cuid dualgas reachtúil. Déanann OCT monatóireacht ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta ag comhlachtaí poiblí. Fiosraíonn an Oifig gearáin freisin sa chás go gcreidtear gur theip ar chomhlachtaí poiblí cloí leis an Acht nó le haon achtachán reachtúil eile ina bhfuil forálacha a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge, i soláthar seirbhísí poiblí i nGaeilge. Leasaíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 an Príomh-Acht 2003, ag tabhairt forálacha nua isteach chun ceartha phobail na Gaeilge a neartú agus a chosaint. Sampla de thionchar an achta leasaithe 2021 is ea an fás as cuimse atá tagtha ar fhógraíocht i nGaeilge ar na meáin chumarsáide éagsúla.

Sular ceapadh ina Choimisinéir Teanga é, bhí Séamas ina Stiúrthóir ar Oifig an Choimisinéara Teanga ó 2020 go 2023. Roimhe sin, bhí ról cheannaireachta éagsúla aige san ardoideachas, sa phleanáil teanga agus i bhforbairt pobail, lena n-áirítear poist bhainistíochta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe.

Ainmníodh Séamas mar Chathaoirleach ar an IALC i mí an Mheithimh 2025.



An Dr. Pól Deeds
*An Coimisinéir
Gaeilge, Tuaisceart
Éireann*

Cheap an Chéad-Aire agus an Leas Chéad-Aire an Dr. Pól Deeds mar an Chéad Choimisinéir Gaeilge do Thuaisceart Éireann in 2025.

Is as Béal Feirste do Phól agus tá cónaí air in iarthar na cathrach lena chlann. D'fhreastail sé ar Scoil Mhuire na mBráithre Críostaí agus ar Ollscoil Uladh, Cúil Raithin, ina dhiaidh sin. Ba ansin in 2000 a fuair sé céim onóracha sna Daonnachtaí, agus an Ghaeilge mar phríomhábhar, chomh maith le PhD sa Léann Éireannach in 2005.

D'oibrigh Pól roimhe seo mar PF ag an Droichead, eagraíocht Ghaeilge a chuireann teanga agus cultúr na Gaeilge chun cinn i ndeisceart Bhéal Feirste, agus níos moille, mar leas-POF ar Fhoras na Gaeilge, an comhlacht trasteorann atá freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann.



Osian Llywelyn
*Leas-Choimisinéir
na Breatnaise &
Stiúrthóir Rialála*

Is é Osian Llywelyn an Stiúrthóir atá freagrach as treo straitéiseach a leagan amach d'obair rialála Choimisinéir Teanga na Breatnaise.

Áirítear leis an bpost dualgais a leagan síos agus a fhorfheidhmiú ar eagraíochtaí chun an Bhreatnais a úsáid.

Is as Pontypridd ó dhúchas dó agus fuair sé a chuid meánoideachais i Scoil Gyfun Rhydfelen sular bhog sé chun staidéar a dhéanamh ar an Dlí in Ollscoil Aberystwyth. Bhain sé taitneamh as taisteal timpeall Mheiriceá Theas ach tá sé lonnaithe i gCaerdydd le beagnach cúig bliana déag.

D'oibrigh Osian do Bhord na Breatnaise agus do Choimisinéir Teanga na Breatnaise, áit a raibh sé freagrach as na chéad chaighdeáin Bhreatnaise a leagan síos do chomhlachtaí poiblí siar in 2015. D'oibrigh Osian freisin mar Cheann Beartais Rialála do Cháilíochtaí na Breataine Bige, rialtóir na gcáilíochtaí a thairgeann comhlachtaí dámhachtana aitheanta sa Bhreatain Bheag.

Is breá leis cumann sacair Chathair Swansea agus foireann náisiúnta na Breataine Bige a leanúint. Ina theannta sin, is breá leis ceirníní ceoil a bhailiú.

SEISIÚN 2

Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí a Fheabhsú: Samhlacha Seachadta Seirbhíse Poiblí a Ailíniú le Riachtanais na bPobal Mionteanga



Tomás Ó Síocháin
PF, Údarás na Gaeltachta, Gníomhaireacht Forbartha don Ghaeltacht

Tá Tomás Ó Síocháin ina

Phríomhfheidhmeannach / PF ar Údarás na Gaeltachta, an ghníomhaireacht stáit a thacaíonn leis an nGaeilge agus a dhéanann í a fhorbairt mar theanga phobail sna ceantair Ghaeltachta i seacht gcontae ar fud na hÉireann. Tacaíonn an tÚdarás le pobal na Gaeltachta trí fhiontraíocht a chothú, rud atá riachtanach chun an Ghaeltacht, an Ghaeilge agus a hoidhreacht uathúil a chaomhnú.

Go dtí an bhliain 2022, bhí Tomás ina PF ar Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI), an ghníomhaireacht stáit a thacaíonn le Forbairt Réigiún Iarthar na hÉireann feadh chósta an Atlantaigh. Roimhe sin bhí roinnt ról sinsearach aige in Ollscoil na Gaillimhe agus bhí sé ina iriseoir craolta, ina léiritheoir agus ina eagarthóir le craoltóirí náisiúnta na hÉireann RTÉ agus TG4 idir 1998 agus 2013. Tá céim sa Dlí aige mar aon le MBA agus Ard-Diplóma sa Chumarsáid Fheidhmeach. Ina theannta sin, is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar GrowRemote agus Future Mobility Campus Ireland.

Tá sé ina Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta Cairns de chuid Ollscoil na Gaillimhe, ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha an Líonra Náisiúnta Moll agus den Ghrúpa Forfheidhmithe i leith na Straitéise Náisiúnta maidir le Cianobair. Roimhe sin, bhí sé ar an gcéad Chathaoirleach ar Fhóram Réigiúnach Scileanna an Iarthair, ina Chathaoirleach ar an Sainghrúpa maidir le Cianobair de chuid Institiúid Whitaker CFI agus ina Mheasúnóir Seachtrach le haghaidh an Chiste Fuaime agus Físe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann.



Kelly Burke
Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, Ceanada

Chuaigh Kelly Burke i mbun oifige mar an t-ochtú Coimisinéir Teangacha Oifigiúla i gCeanada ar an 30

Márta, 2026. Is as Cornwall, Ontario ó dhúchas í Kelly Burke agus ball den phobal Béarla agus den phobal Fraincise. Tá Baitsiléir Ealaíon agus céim san Oideachas aici ó Ollscoil na Banríona, céim sa Dlí ó Ollscoil Ottawa agus Máistir Dlíthe ó Ollscoil Eabhrac le speisialtóireacht i ndlí saothair agus réiteach malartach díospóidí. Tá sí ina ball de Dhlí-Chumann Ontario ó 1996. Le breis agus 25 bliain, tá an t-iar-mhúinteoir tumoideachais Fraincise tar éis a saol gairmiúil a chaitheamh ag iarraidh teangacha oifigiúla a chur chun cinn agus cearta teanga a chosaint.

Tá an-chuid taithí aici mar gheall ar a cuid ama ag obair go dátheangach mar dhlíodóir agus mar riarthóir, bhí roinnt post sinsearach aici i seirbhís phoiblí Ontario, lena n-áirítear ag Aireacht an Ard-Aighne, Aireacht na gColáistí agus na nOllscoileanna, agus an Aireacht Gnóthaí Francophone, áit a raibh sí ina comhchathaoirleach ar an gComhdháil Aireachta ar Francophonie Ceanada.

Ó 2020 go 2023, bhí sí mar Choimisinéir Seirbhísí Teanga Fraincise Ontario agus mar Leas-Chathaoirleach ar Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga sular ghlac sí ról cheannaireachta san earnáil iar-mheánscoile.

Aithnítear í dá ceannaireacht, a cumas dul i mbun idirphlé agus a tiomanta do Ceanada mar thír atá iomlán dátheangach, agus tá sí ag tabhairt aghaidh ar a ról nua le fócas ar an gcreat beartais teanga a nuachóiriú agus ar bheocht an phobail a neartú ar fud na tíre.



Shirley C. MacLean KC
Coimisinéir na
dTeangacha Oifigiúla
do New Brunswick

Is as Baddeck, Nova Scotia í Shirley C. MacLean. D'fhás sí aníos i dteaghlach nár

labhair ach Béarla amháin ach a raibh meas acu ar thábhacht an dá theanga oifigiúla i gCeanada. Tar éis di Céim Baitsiléara a ghnóthú in Ollscoil Naomh Proinsias Xavier in 1984, d'fhreastail sí ar Ollscoil Laval i gCathair Québec chun Fraincis a fhoghlaim. In 1990 fuair Shirley C. MacLean a céim dlí ó Ollscoil New Brunswick. Ina dhiaidh sin chleachtadh sí dlí le gnólacht dlí Fredericton agus in 1994 chuaigh sí isteach i nDlí-Chumann New Brunswick mar Stiúrthóir Iontrála.

Sa bhliain 2003 ceapadh í mar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir Gearán an Chumainn. Le linn a blianta leis an Dlí-Chumann chuir sí go mór lena cuid eolais ar rialáil ghairmiúil agus disciplín lena n-áirítear imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar ghearáin iomadúla, cúrsaí smachta agus saincheisteanna rialála. I mí na Nollag 2013, ceapadh Shirley C. MacLean mar Abhcóide na Banríona, gradam a bronnadh mar aitheantas ar sheirbhís den scoth dá gairm. Tá sí ina Cathaoirleach ar an mBinse Meabhairshláinte in Fredericton ó 2017 i leith.

Tá baint mhór aici lena pobal, agus tá Shirley C. MacLean ina comhalta boird den Healing and Cancer Foundation; ina Cathaoirleach ar Choiste Oideachais Fírinne agus Athmhuintearais Dhlí-Chumann New Brunswick; ina ball de Choiste Urraíochta Dídeanaíthe na Siria; ina Peer Navigator in oinceolaíocht le húdarás Horizon Health agus ina drumadóir teanóir le Cumann Banna Píob Naomh Aindriú.

Ceapadh Shirley C. MacLean mar Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla do New Brunswick an 22 Samhain, 2019. Ag dul i mbun oifige ar an 2 Eanáir, 2020 ar feadh téarma seacht mbliana, is í an chéad chainteoir Béarla í a bhfuil an post sin acu.

Is oifigeach neamhspleách den Tionól Reachtach atá i gCoimisinéir na dTeangacha Oifigiúla do New Brunswick. Mar chuid den ról tá imscrúdú le seoladh, tuairisciú agus moltaí a dhéanamh maidir le comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá sí freagrach freisin as dul chun cinn an dá theanga oifigiúla sa chúige.



Carl Bouchard
Coimisinéir Seirbhísí
Teanga Fraincise
Ombudsman,
Ontario

Ceapadh Carl Bouchard mar Choimisinéir i mí na Nollag 2023, tar

éis dó naoi mí a chaitheamh mar Choimisinéir Eatramhach. Chuaigh sé isteach i gceannaireacht feidhmiúcháin Oifig an Ombudsman mar Stiúrthóir Oibríochtaí d'fhoireann Aonad Seirbhísí Teanga na Fraincise i mí Feabhra 2020. Ó shin i leith, tá ról lárnach aige i bhforbairt moltaí chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí teanga na Fraincise in Ontario, lena n-áirítear trí Thuarascálacha Bliantúla agus tuarascálacha imscrúdaitheacha ar chiorruithe Ollscoil Laurentian ar chláir Fhraincise (2021), agus i bhfógraíocht aonteachach rialtais lasmuigh den bhaile maidir le seirbhísí sláinte (2024).

Sula ndeachaigh sé ag obair leis an Ombudsman, bhí Carl ina Stiúrthóir Beartais d'Aireacht Gnóthaí Cainteoirí Fraincise Ontario ó 2015, áit ar chabhraigh sé le reachtaíocht agus beartais a fhorbairt ar fud aireachtaí éagsúla chun seirbhísí Fraincise in Ontario a fheabhsú. Tá sé freagrach as roinnt mhaith comhaontuithe maoinithe agus comhoibrithe a dhéanamh ar bhonn cónaidhme, cúige agus críche caibidlíochta aige agus chuir sé le próifíl idirnáisiúnta phobal Fraincise Ontario a ardú.

Tá céim san Iriseoireacht aige ó Ollscoil Ottawa, d'oibrigh Carl le heagraíochtaí meán éagsúla, lena n-áirítear Groupe Média TFO agus CBC/Radio-Canada, áit ar léirigh sé agus ar sheachadadh sé ábhar nuachta in Ontario agus ar fud na tíre. Tá an-mheas aige ar fhorbairtí timpeallachtaí oibre ionchuimsitheacha agus sábháilte.



An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta an aireacht stáit in Éirinn atá freagrach as polasaí an Stáit i leith na Gaeilge – ag tacú leis an nGaeilge, a húsáid a threisiú mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta agus cabhrú le forbairt inbhuanaithe phobail na n-oileán.

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil d’Údarás na Gaeltachta, d’Oifig an Choimisinéara Teanga agus cómhaoiníonn sí Foras na Gaeilge.

Is ar an Roinn atá an fhreagracht fhoriomlán as cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 – cur chuige iomlánaíoch comhtháite a luíonn leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Is ball í an Roinn, ar son na hÉireann, den Ghréasán chun Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn (NPLD). Is gréasán uile-Eorpach é NPLD a oibríonn i réimse an bheartais teanga agus na pleanála ar mhaithe le Teangacha Bunreachtúla, Réigiúnacha agus Mionstáit ar fud na hEorpa.



Aitheasc ón Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, **Dara Calleary TD**

Is é Dara Calleary an tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta. Ceapadh chuig na ról sin é ar an 23 Eanáir 2025. Roimhe sin, bhí sé ina Aire Stáit um Chur Chun Cinn Trádála, Digiteach agus Rialáil Cuideachta sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Is as Béal an Átha ó dhúchas é Dara Calleary agus tá sé ina Theachta Dála do Mhaigh Eo ó toghadh é den chéad uair in Olltoghchán 2007.

Roimhe sin bhí sé ina Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus bhí sé freagrach as Gnóthaí Saothair ó 2009-2011 agus ina Aire Stáit i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Airgeadais, áit a raibh sé freagrach as Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ó 2009-2011. Bhí sé ina Aire Talmhaíochta agus mar Phríomh-Aoire an Rialtais in 2020.

Bhí Dara mar Leas-Cheannaire ar Fhianna Fáil ó 2018-2020 agus chomh maith leis sin bhí sé ina Urlabhraí do na Ranna seo a leanas: an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Sula ndeachaigh sé isteach sa pholaitíocht bhí baint ag Dara leis na hearnálacha baincéireachta agus gnó. Rinne Dara staidéar ar Ghnó agus ar Pholaitíocht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus d'fhreastail sé ar Choláiste Naomh Muredach, Béal an Átha agus ar Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar Pluincéad.

SEISIÚN 3

Ceartha Teanga sa Réimse Eorpach: ó Aitheantas Náisiúnta go Rannpháirtíocht ar Leibhéal AE

I gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus leis an nGréasán chun Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn (NPLD)



Áisitheoir:
Eoin Ó Droighneáin
Príomhoifigeach,
an Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
agus Gaeltachta

Ón Spidéal i
nGaeltacht Chontae

na Gaillimhe ó dhúchas, is Príomhoifigeach é Eoin Ó Droighneáin sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (Rialtas na hÉireann), áit a bhfuil sé freagrach as Straitéisí agus Tacaíochtaí Náisiúnta Teanga, agus as Logainmneacha.

Chaith Eoin roinnt blianta ag obair mar aistritheoir agus ateangaire gairmiúil i dtionscal na seirbhísí teanga, agus tréimhsí caite aige le Bord na Gaeilge (Foras na Gaeilge anois) (1995-1997) agus le Rannóg an Aistriúcháin in Oifig Thithe an Oireachtais (1997-2001). Chaith sé bliain is fiche (2001-2022) ansin ina Riarthóir ar an Aonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Ollscoil na Gaillimhe, áit a raibh róil teagaisc, taighde, riaracháin agus forbartha straitéisí aige.

Chaith Eoin roinnt blianta mar bhall den Choiste Náisiúnta Téarmaíochta agus bhí sé ina bhall freisin den Choiste Comhairleach um Athbhreithniú Chaighdeán Oifigiúil na Gaeilge, 2014-16.

Áirítear ar a chuid cúraimí sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta tacaíocht Rialtas na hÉireann do stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach agus d'fhorbairt na Gaeilge sa réimse digiteach/teicneolaíochta agus sna healaíona teangabhunaithe.



Roger Serra Puig
Leas-Chathaoirleach
NPLD agus Ard-
Stiúrthóir um
Polasaí Teanga
Earnálacha na
Teicneolaíochta agus
an Chlosamhairc,
Rialtas na Catalóine

Is eolaí polaitiúil é Roger Serra Puig a bhfuil a shaol gairmiúil dírithe ar pholasaí teanga, teicneolaíocht agus gnóthaí idirnáisiúnta. D'oibrigh sé mar léachtóir in Ollscoil Féinrialaitheach Barcelona, bhunaigh sé cuideachtaí forbartha bogearraí, agus chaith sé seal mar Stiúrthóir ar an .cat Foundation.

Faoi láthair tá sé ina Ard-Stiúrthóir ar an mBeartas Teanga sna hEarnálacha Teicneolaíochta agus Closamhairc de chuid Rialtas na Catalóine (Generalitat de Catalunya) agus tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar an nGréasán chun Éagsúlacht Teanga a Chur Chun Cinn (NPLD).



Marco Torresin

*Oifigeach
Chaidreamh
Idirnáisiúnta
Gníomhaireacht
Réigiúnach na
Friúilise (ARLeF)*

Tá céim sna
hEolaíochtaí

Idirnáisiúnta agus Taidhleoireachta ó Ollscoil Trieste ag Marco Torresin agus Céim Máistir sa Léann Eorpach ó Europa-Universität Flensburg (an Ghearmáin).

Le linn a shaoil ghairmiúil, chuir sé go mór lena chuid saineolais ar chaidreamh institiúideach, ar fhorbairt tionscadal Eorpach, agus ar chomhoibriú le líonraí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta atá tiomanta d'éagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur chun cinn. Dírionn a chuid spéiseanna gairmiúla ar pholasaí teanga, ar chearta teanga, agus ar ról an chomhoibrithe Eorpaigh maidir le haitheantas agus cosaint teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a neartú.



Hasier Morras

*Ceannasaí na
Seirbhíse Forbartha
Bascaise i Riarachán
Poiblí, Euskarabidea
– Rialtas Navarra*

Is státseirbhíseach
le Rialtas Navarra é
Hasier Morras, a bhfuil

saineolas aige ar ilteangachas agus ar pholasaí teanga. Tá sé freagrach as an Luath-Oideachas agus ar an Oideachas Bunscoile ó 2007 agus bhí sé ina Ollamh Comhlach i Roinn na nDaonnachtaí agus an Oideachais in Ollscoil Phoiblí Navarra ó 2016 go 2019.

Idir 2015 agus 2019, bhí sé ina Stiúrthóir ar an tSeirbhís Oideachais Ilteangachais agus Ealaíon sa Roinn Oideachais de chuid Rialtas Navarra.

Ó 2019 i leith, tá sé ina Cheann ar an tSeirbhís Forbartha Bascaise i bhForais Phoiblí ag Euskarabidea – Institiúid Bhascaise Navarra.



Eke Folkerts

*Teachta um Oideachas Teanga agus Teanga Proibhinse na Freaslainne
(An Ísiltír)*

Tá Eke Folkerts ina Teachta um Oideachas Teanga agus Teanga in Ard-Chomhairle Chúige Fryslân.

Tá sí freagrach as beartas teanga réigiúnach, oideachas ilteangach, agus tionscnaimh a chuireann úsáid agus infheictheacht na Freaslainnise chun cinn.

Ina ról, oibríonn sí go dlúth le hinstitiúidí oideachais, údaráis phoiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun an Fhreaslainnis a neartú laistigh den chóras oideachais agus den tsochaí i gcoitinne.

SEISIÚN 4

Reachtaíocht um Chearta an Dátheangachais a Dhréachtú: Deiseanna agus Dúshlán – Léargais na Cosaive



Mentor Borovci
Stiúrthóir na hOifige Dlí in Oifig an Phríomh-Aire, An Chosaiv

Is saineolaí dlí agus oifigeach poiblí sinsearach é an tUasal Mentor Borovci a

bhfuil taithí fhairsing aige ar na réimsí seo a leanas: dréachtú reachtaíochta, athchóiriú dlí, cearta daonna, agus lánpháirtiú na hEorpa. Tá PhD aige sna hEolaíochtaí Dlí Idirnáisiúnta ó Ollscoil Prishtina “Hasan Prishtina”.

Ó 2017 i leith, tá sé ina Stiúrthóir ar an Oifig Dlí laistigh d'Oifig Phríomh-Aire Phoblacht na Cosaive, áit a ndéanann sé maoirseacht ar dhréachtú, comhchuibhiú agus rialú cáilíochta reachtaíocht an Rialtais, ag cinntiú go gcloíonn sí leis an mBunrecht, an reachtaíocht is infheidhme, na caighdeáin dhréachtaithe reachtacha, agus acquis an AE. Ina theannta sin, déanann sé comhordú ar Chlár Reachtach an Rialtais agus ar phríomhphróisis athchóirithe reachtacha.

Cuimsíonn a chuid oibre rannpháirtiú dhíreach i bhforbairt chreat institiúideach agus dlíthiúil na Cosaive le haghaidh chomhchuibhiú teangeolaíoch na reachtaíochta. Bhí sé ina bhall den ghrúpa oibre a bhí freagrach as an gCoincheap ar Nósanna Imeachta um Chomhchuibhiú Teanga a ullmhú agus bhí sé ina dhréachtóir ar an reachtaíocht thánaisteach a bhunaigh an tAonad um Chomhchuibhiú agus Rialú Teanga in Oifig an Phríomh-Aire.

Is é an tUasal Borovci tionscnóir agus ceannaire Chóras Dréachtaithe Reachtach leictreonach na Cosaive (LDS) freisin, ardán digiteach cuimsitheach a thacaíonn le pleanáil agus dréachtú reachtaíochta in Albáinis, Seirbis agus Béarla. Cuireann an córas le próiseas reachtach níos comhordaithe, níos trédhearcaí agus níos comhsheasmhaí sna trí theanga éagsúla.

SEISIÚN 5

Ceartha Gaeilge a Threisiú trí Fhógraíocht Tráchtála



Páidí Ó Lionáird
Bainisteoir Cumarsáide, Oifig an Choimisinéara Teanga

Is é Páidí an Bainisteoir Cumarsáide le hOifig an Choimisinéara Teanga ó 2022. Tá dhá

chuaile leis an obair sin; eolas a choimeád leis an bpobal faoina gcearta teanga agus comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas faoina gcuid dualgas.

Agus forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú) á bhfeidhmiú déantar comhairle a údarú le seachadadh i measc na gcomhlachtaí poiblí. Ina measc sin, alt 10A, fógraíocht ag comhlachtaí poiblí a tháinig i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2022 agus lena raibh dlúthbhaint ag Páidí ón tús lena thabhairt chun cinn.

Roimhe sin, ba chraoltóir agus iriseoir é a bhain gradaim go leor mar aitheantas ar a chuid oibre le RTÉ agus TG4 ar feadh 25 bliana. Tá níos mó ná 4,000 uair an chloig de chraoladh beo teilifíse curtha i gcrích aige – ina measc mar an príomhláithreoir ar iliomad clár toghchán, cúrsaí reatha, siamsaíocht, ceol agus spóirt.

Bhí sé ina léachtóir le cumarsáid in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) - Iar-Chathaoirleach Cláir BA i nGnó & Cumarsáid. Iar-Iriseoir Cónaitheach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC). I measc na gcáilíochtaí atá aige tá: Céim Onóracha B.Oid., Céim Máistir, MAIMS sna Meáin, Ard-Diplóma sa Chaidreamh Poiblí agus Diplóma i Reiligiúin an Domhain.

FOCAL SCOIR NA COMHDHÁLA

Príomhdhíola Suntaís agus na Chéad Ghníomhartha Eile



Rapóirtéir:

Máire Ní Neachtain

Is as Baile an tSagairt sa Spidéal i nGaeltacht Chois Fharraige do Mháire Ní Neachtain. Is Iar-Cheann Roinne ar Roinn na Gaeilge agus Iar-Dhéan Cúnta i nDámh na nDán i gColáiste Mhuire gan Smál i Luimneach í.

Sochtheangeolaíocht na Gaeilge agus drámaíocht na Gaeilge is tábhachtaí di ó thaobh cúrsaí taighde de. Tá sí ar ais go buan ar a fód dúchais sa Spidéal anois agus deis aici leanacht lena cuid spéiseanna acadúla agus gníomhaíocht pobail araon.

Tá sí an-ghníomhach mar oibrí deonach i saol na Gaeilge sa nGaeltacht agus in eagrais teanga agus cultúir taobh amuigh di.

Is Stiúrthóir agus iar-Chathaoirleach í ar Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR a bhfuil cúram fheidhmiú phlean teanga Chois Fharraige leagtha air mar chuid den phróiseas náisiúnta pleanála teanga a d'éascair as Acht na Gaeltachta 2012.

Is minic a bhíonn Máire le cloisteáil ar na meáin chraolta agus físe Gaeilge mar thráchtair ar chúrsaí comhaimseartha Gaeilge agus Gaeltachta.



I nDilchuimhne

Cuimhnimis ar dhlúthchara de chuid an Chumann, an tOllamh Colin Williams atá imithe ar shlí na fírinne

Bhásaigh an tOllamh Colin Williams, duine de na saineolaithe idirnáisiúnta ab aitheanta ar athneartú teangacha mionlaithe i Mí Aibreáin 2026. Bhí an Ghaeilge i measc na dteangacha ar dhein sé taighde orthu le linn gairm fhada níos mó ná leathchéad bliain agus bhí dlúthbhaint aige leis an bpolasaí teanga thuaidh agus theas in imeacht na mblianta.

Rugadh Colin Williams in Y Barri, baile cósta gar do Caerdydd i ndeisceart na Breataine Bige in 1950. Bhí sé ar dhuine den chéad ghlúin a d'fhreastail ar oideachas trí mheán na Breatnaise sa cheantar sin sna 1950í agus chothaigh an gréasán cultúrtha agus teanga timpeall ar na scoileanna sin féiniúlacht láidir Bhreatnaise ann. Ó aois óg, bhí Colin gafa le ceisteanna sóisialta ar nós comhionannas, forbairt, réiteach coimhlinte agus caidreamh idirnáisiúnta, luachanna a bhí fréamhaithe ina chreideamh Críostaí. Tar éis dó bunchéim sa tráchtáil a dhéanamh in Ollscoil Abertawe i dtús na 1970í, thug sé faoi PhD san ollscoil sin faoin nasc idir teanga agus náisiúnachas. Chaith sé tamall i mbun staidéir san University of Western Ontario, tréimhse a chothaigh dáimh fadsaoil le Ceanada i gcaitheamh a ghairme. Ba in Ollscoil Staffordshire a fuair Colin a chéad phost léachtóireachta i Roinn na Tíreolaíochta ó 1976 agus chaith sé tréimhsí i Meiriceá Thuaidh sna 1980í, áit ar dhein sé taighde ar an bpolasaí teanga in Québec agus i gcúigí eile de Cheanada. In 1993, ceapadh é ina Ollamh le Sochtheangeolaíocht i Scoil na Breatnaise in Ollscoil Caerdydd. Bhunaigh sé ionad taighde faoi theanga, pleanáil agus polasaí ansin agus dhein sé forbairt ar mhodúil fochéime agus iarchéime faoin bpolasaí teanga sa Bhreatain Bheag agus i dtíortha eile.

Ba scoláire poiblí é Colin go smior agus chaith sé go leor dá shaol ag roinnt a shaineolais go fial ar eagraíochtaí pobail, comhlachtaí poiblí agus rialtais. Nuair a bhí Tionól na Breataine Bige á bhunú i ndeireadh na 1990í, dhein sé cathaoirleacht ar choiste a leag amach comhairle maidir le húsáid oifigiúil na Breatnaise ann. In 2000, ceapadh é ina bhall de Bhord na Breatnaise mar a bhí agus bhí baint rialta aige le heagraíochtaí idirnáisiúnta a shaothraíonn ar son cearta mionlaigh nó teanga ar nós an OSCE agus an Network to Promote Linguistic Diversity.

Ba í an pháirt a ghlac sé in obair chun coimhlintí fadbhunaithe polaitiúla a réiteach an t-údar sásaimh ba mhó a fuair sé le linn a ghairme. Ina measc, bhí an próiseas síochána sa Tuaisceart: ó na 1990í d'oibrigh Colin leis an eagraíocht trasphobail Iontaobhas Ultach agus leis an mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana (a raibh a cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath) ar cheisteanna teanga agus comhionannais. Scríobh sé staidpháipéir faoi chomhionannas grúpa, cearta

teanga agus éagsúlacht chultúrtha a dhein eolas do na forálacha faoin nGaeilge agus faoin Ultais i gComhaontú Aoine an Chéasta. Chuir sé comhairle leanúnach ar státseirbhísigh agus ar pholaiteoirí roimh bhunú an Tionóil agus ina dhiaidh. D'oibrigh sé leis an eagraíocht Ghaeilge POBAL ar dhréachtaí d'Acht Gaeilge don Tuaisceart a foilsíodh in 2006 agus 2012 agus a leag dúshraith láidir faoin bhfeachtas bríomhar pobail a bhláthaigh ina dhiaidh sin. Ba údar mór sásaimh dó gur ritheadh acht teanga ó thuaidh ar deireadh, cé gur aithin sé go maith na laigí a bhain leis.

Ó dheireadh na 1970í, bhí Colin ina chuairoteoir rialta ar Éirinn, áit ar oibrigh sé le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge agus é i mbun taighde. I bpáirt le Peadar Ó Flatharta, nach maireann, ghlac sé páirt i dtaighde ceannródaíoch faoin reachtaíocht teanga agus bhí caidreamh seanbhunaithe idir é agus Oifig an Choimisinéara Teanga. D'eagraigh sé féin, Peadar Ó Flatharta agus Seán Ó Cuirreáin comhdháil idirnáisiúnta ar chearta teanga i mBaile Átha Cliath in 2013, ócáid a thug ann do Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga (IALC). Bhí sé ar dhuine den fhoireann a cheap FIONTAR, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun comhairle a chur ar Rialtas na hÉireann faoin Straitéis 20 Bliain den Ghaeilge. Cé gur chuaigh Colin ar scor ó Ollscoil Caerdydd in 2015, lean sé air go gníomhach le taighde agus scoláireacht mar ollamh comhlach in Ollscoil Cambridge agus in institiúidí léinn eile.

Bhí saineolas domhain ag Colin ar iliomad réimsí acadúla agus d'fhéadfadh sé tarraingt ar na heolaíochtaí sóisialta ar fad chun tacú lena anailís ghéarchúiseach ar chúrsaí teanga. Bhí sé de phribhléid agamsa a bheith ar an bhfoireann a chuir eagar ar fhéilscríbhinn in ómós dó, *Language, Policy and Territory* (Palgrave Macmillan, 2022). Bhain aistí an leabhair sin le polasaí agus pleanáil teanga sna comhthéacsanna ba mhó a raibh cur amach ag Colin orthu: An Bhreatain Bheag, Ceanada, Éire, Albain agus an Chatalóin.

Níl áireamh ar na leabhair agus na hait a scríobh sé le linn a shaoil agus níos lú ná bliain ó shin a tháinig an saothar acadúil ba dhéanaí uaidh, *Official Language Regimes* (Palgrave Macmillan, 2025), ina ndéantar plé cuimsitheach ar chás na Gaeilge i measc teangacha eile. Tá leabhar eile fós le teacht uaidh ar na téamaí céanna, a críochnaíodh roimh a bhás.

Bhí an galar néarón luadrach ar Colin le cúpla bliain anuas agus is teist ar a chrógacht agus a mhisneach é gur chríochnaigh sé na leabhair dheireanacha sin nuair nach raibh sé ábalta ach scríobh le hordóg amháin. Laoch a bhí ann i ngach slí: ní raibh oiread na fríde d'éirí in airde acadúil air, chaith sé go cothrom le gach duine agus thacaigh sé go fial flaithiúil le taighdeoirí eile. Ba mhinic a chuir sé comhairle mo leasa orm féin in am an ghátair agus níl duine ar bith eile a d'fhág an oiread tionchair orm mar thaighdeoir. Go raibh suaimhneas síoraí aige, agus comhbhrón ó chroí lena bhaintreach Meryl agus lena mac Rhodri.

Cysga'n dawel Colin, gyfaill y galon gynnes.

An Dr John Walsh





WELCOME AND INTRODUCTION

Séamas Ó Concheanainn

An Coimisinéir Teanga and Chair of the International Association of Language Commissioners (IALC)

I warmly welcome everyone to the City of the Tribes for the ninth conference of the International Association of Language Commissioners. As chairperson and Coimisinéir Teanga, I am delighted that Oifig an Choimisinéara Teanga is hosting this important international gathering.

